Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Samhain 2018
(OR. en)

13923/18

LIMITE

AUDIO 94
CULT 134
DIGIT 219
COMPET 738
FISC 438
PI 154
EDUC 396

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-chonclúidí ón gComhairle maidir le hábhar Eorpach sa gheilleagar digiteach a neartú<br>- Glacadh |

Le linn roinnt cruinnithe dá cuid, scrúdaigh an Mheitheal um an Earnáil Chlosamhairc na conclúidí thuas d'fhonn go nglacfaí iad ag an gComhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt ar an 26-27 Samhain 2018.

D'fhonn na deacrachtaí deireanacha atá fós ann do na toscaireachtaí a réiteach, rinne an Uachtaránacht trí choigeartú bheaga ar an téacs (pointe 29, pointe 43 agus pointe 46).

Iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe</u> scrúdú a dhéanamh ar théacs na ndréacht-chonclúidí mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn, d'fhonn é a chur ar aghaidh chuig an <u>gComhairle</u> lena ghlacadh agus le go bhfoilseofar é san Iris Oifigiúil ina dhiaidh sin.

**Dréacht**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le hábhar Eorpach sa gheilleagar digiteach a neartú**

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

ag meabhrú di cúlra polaitiúil na saincheiste seo mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é[1] ,

AITHNÍONN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS:

1. is colúin fhíor-riachtanacha d'fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch na hEorpa iad na hearnálacha a tháirgeann agus a dháileann ábhar, lena n-áirítear ábhar agus saothair ó na meáin (ábhar closamhairc, cló agus ar líne san áireamh) mar aon le hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha eile. Is dlúthchuid den fhéiniúlacht Eorpach iad cáilíocht agus éagsúlacht an ábhair Eorpaigh agus tá siad bunriachtanach don daonlathas agus don chuimsiú sóisialta, agus chun go mairfidh tionscail na meán, an chultúir agus na cruthaitheachta beo bríomhar agus iomaíoch san Eoraip. Déanann na hearnálacha sin cumhacht bhog na hEorpa a neartú freisin. Leis an éifeacht thrasnach atá ag na tionscadail sin, cothaíonn siad nuálaíocht, cruthaitheacht agus saibhreas i réimsí eile freisin;

2. leis na teicneolaíochtaí digiteacha agus ar líne, tugtar deiseanna ollmhóra chun ré nua cruthaitheachta san Eoraip a chothú. A bhuí leis na teicneolaíochtaí sin, is mó deis atá ann fós rochtain a fháil ar ábhar cultúrtha Eorpach agus ár n-oidhreacht chultúrtha Eorpach a chaomhnú, a chur chun cinn agus a scaipeadh trí úsáid a bhaint as an réaltacht fhíorúil mar shampla. Cuireann teicneolaíochtaí digiteacha ar chumas na ngníomhaithe uile scileanna agus feasacht nua a shealbhú, seirbhísí, táirgí agus margaí nua a fhorbairt agus pobail mheáin nua a shroicheadh. Le hardáin ar líne, go háirithe na meáin shóisialta agus ardáin comhroinnte físeán, tugtar rochtain ar an iliomad ábhar éagsúil, go háirithe ó thríú páirtithe, don iliomad úsáideoirí san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain;

[1] Liostaítear san iarscríbhinn na doiciméid ábhartha a bhaineann leis na saincheisteanna atá i gceist (teachtaireachtaí ón gCoimisiún, gníomhartha reachtacha, conclúidí ón gComhairle etc.).

3. ag an am céanna, baineann dúshláin le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus ar líne d'earnálacha táirgthe agus dáilte ábhair na hEorpa trí chéile. Ní mór do na gníomhaithe uile a straitéisí gnó a oiriúnú, scileanna nua a fhorbairt, cur lena gcuid eolais, athmhachnamh a dhéanamh ar struchtúr a gcuid eagraíochtaí agus a samhlacha táirgthe/dáilte a mheas. Agus úsáid níos mó á baint as sonraí, is ag dul i méid atá tionchar na húsáide sin ar na slabhraí luacha ar gach leibhéal. Imríonn na forbairtí sin tionchar ollmhór ar ionchais agus iompar na n-úsáideoirí freisin;

4. ba iad na hardáin dhomhanda ar líne a rinne an claochlú digiteach a mhúnlú cuid mhór. Ardaíodh ceisteanna maidir le trédhearcacht, bréagaisnéis, iolrachas na meán, cánachas, luach saothair chruthaitheoirí na meán, cosaint príobháideachais, cur chun cinn ábhair agus an éagsúlacht chultúrtha go háirithe i ngeall ar shamhlacha gnó de réir algartaim na n-ardán ar líne sin a tháirgeann ábhar cultúrtha agus cruthaitheach, lena n-áirítear ábhar na meán, agus atá bunaithe ar dháileadh ábhair phearsantaithe agus ar fhógraíocht atá dírithe ar úsáideoirí;

5. is iomchuí aird a tharraingt ar na tosaíochtaí polaitiúla seo a leanas ar chlár oibre an Aontais Eorpaigh:

   A. Éagsúlacht, infheictheacht agus nuálaíocht a chothú

   B. Cothrom na Féinne a bhaint amach

   C. Muinín san fhaisnéis agus i bhfoinsí a neartú

   D. Scileanna agus inniúlachtaí a fheabhsú.

6. Agus leasanna na saoránach á gcur san áireamh, ní mór don Chomhairle freagairt do na forbairtí thuasluaite ar bhealach cuimsitheach agus gan dochar don chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair maidir le tograí reachtacha agus maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile;

## A. ÉAGSÚLACHT, INFHEICTHEACHT AGUS NUÁLAÍOCHT A CHOTHÚ

CUIREANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS I bhFIOS GO LÁIDIR

7. baineann tábhacht le hiolrachas na meán chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag na saoránaigh ar réimse faisnéise agus tuairimíochta. Féadfaidh an comhar trasteorann i measc na ngníomhaithe in earnáil na meán cuidiú leis an mais chriticiúil a bhaint amach agus teacht ar phobail mheáin níos leithne. D'fhéadfadh comhchruinniú iomarcach na n-earnálacha táirgthe agus dáilte ábhair a bheith ina bhagairt ar rochtain saoránach ar réimse ábhair;

8. Tá sé d'acmhainneacht sna teicneolaíochtaí digiteacha rochtain trasteorann a éascú ar ábhar na meán agus ar ábhar cultúrtha agus cruthaitheach i dteangacha éagsúla san Eoraip agus níos faide i gcéin, trí aistriúchán nó fotheidil mar shampla. Féadfaidh ardáin atá gníomhach i réimse thionscail na meán agus an chultúir san Eoraip rannchuidiú suntasach a dhéanamh trí rochtain ar ábhar Eorpach a chur ar fáil nó trí ábhar a chur a fáil iad féin nó trí ábhar nua Eorpach a tháirgeadh;

9. le Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc (AVMSD), dírítear ar ábhar closamhairc Eorpaigh a chur chun cinn ar bhealach níos láidre fós, go háirithe trí cheanglais a bhunú maidir le sciar na saothar Eorpach ba cheart a bheith i gcatalóga ar éileamh agus maidir leis an tosaíocht ba cheart a bheith ag na saothair sin i seirbhísí ar éileamh. Tá Eoraip na Cruthaitheachta MEDIA (Clár Gníomhaíochta chun Forbairt ar Thionscal Closamhairc na hEorpa a chur chun cinn) ar aon dul le AVMSD sa mhéid go dtacaíonn sé le cúrsaíocht agus cur chur chun cinn saothar closamhairc neamhnáisiúnta ar fud na hEorpa;

10. féadfaidh ionstraimí tacaíochta náisiúnta agus ionstraimí tacaíochta an Aontais ról tábhachtach a ghlacadh maidir le claochlú digiteach na n-earnálacha táirgthe agus dáilte ábhair;

11. ní mór do na hearnálacha táirgthe ábhair a bheith cuimsitheach agus ba cheart dóibh réimse leathan tuairimíochta agus peirspeictíochtaí a chur ar fáil chun feabhas a chur ar infheictheacht ábhar éagsúil meán, cultúrtha agus cruthaitheach na hEorpa agus chun teacht ar phobal meáin níos leithne;

12. ní mór d'eagraíochtaí meáin na seirbhíse poiblí caighdeán leanúnach ard iriseoireachta a choinneáil mar aon le hinfheistíochta in ábhar ardchaighdeán Eorpach agus ní mór dóibh bealaí nuálacha a fhorbairt chun an t-ábhar sin a sholáthar don phobal;

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSE INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

13. a mholadh go ndéanfaí ardáin iomaíocha Eorpacha a fhorbairt, lena dtabharfaí rochtain ar ábhar Eorpach agus eolaire ar líne de scannáin Eorpacha a chruthú agus a chur chun cinn;

14. tacú le tionscnaimh agus uirlisí neamh-ionracha, agus iad a chur chun cinn, mar is iomchuí, lena dtugtar dreasacht d'infhionntacht agus d'inrochtaineacht den raon is leithne ábhar agus saothar Eorpach, lena n-áirítear ábhar ó thíortha beaga agus i dteangacha nach bhfuil chomh forleathan sin, chomh maith le hábhar spéise ginearálta;

15. i gcás inarb iomchuí agus inar féidir, comhar a éascú idir soláthraithe meáin na seirbhíse poiblí agus soláthraithe meán príobháideacha mar mheán chun gníomhaithe Eorpacha a chumasú le gur fearr a bheidh siad in ann dul in iomaíocht le gníomhaithe domhanda agus chun táirgeadh agus rochtain ar ábhar Eorpach a chosaint i saol ar líne;

16. a aithint nach mór d'ardáin ar líne, amhail gach gníomhaí eile, gníomhú de réir na rialacha agus na rialachán in earnálacha an mhargaidh san áit a bhfuil a gcuid seirbhísí á soláthar acu;

17. tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na hearnálacha táirgthe agus dáilte ábhair agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar acmhainní airgeadais agus aitheantas a thabhairt ar ról an chomhléiriúcháin. I gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le dlí an Aontais, d'fhéadfadh córas comhcheangailte de dhreasachtaí rialtais, d'fhoinsí príobháideacha airgeadais (e.g. caipiteal riosca agus slua-chistiú) agus de chistiú poiblí cur le tionscal dinimiciúil ábhair Eorpaigh;

18. cuir chuige nuálacha a chur chun cinn i réimse fhorbairt an phobail meáin agus cur le feasacht ar a thábhachtaí atá sé sonraí a bhailiú agus a phróiseáil ar bhealach iontaofa, go háirithe i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint sonraí agus príobháideacht, chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais agus ar ionchais na spriocghrúpaí agus chun an próiseas cruthaithe a shaibhriú;

19. an éagsúlacht shóisialta a mhéadú san earnáil táirgthe ábhair, agus feabhas a chur ar an gcomhionannas inscne i dtaca le fostaíocht, luach saothair cóir agus infheictheacht, agus taighde neamhspleách a spreagadh, lena n-áirítear sonraí inchomparáide a bhailiú go rialta maidir le cion na mban atá páirteach sa phróiseas cruthaithe, táirgthe agus dáilte;

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH

20. leanúint de thacaíocht a thabhairt don uirlis neamhspleách um Fhaireachán ar Iolrachas sna Meáin agus meastóireacht a dhéanamh go rialta uirthi chun na rioscaí atá ag bagairt ar iolrachas na meán i dtimpeallacht dhigiteach an Aontais a mheas;

21. machnamh a dhéanamh ar an ról méadaitheach atá ag samhlacha gnó ar líne maidir le hábhar a tháirgeadh agus a dháileadh agus ar an éifeacht atá acu ar iolrachas na meán;

## B. COTHROM NA FÉINNE A BHAINT AMACH

CUIREANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS I bhFIOS GO LÁIDIR

22. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn ó chlaochlú digiteach an gheilleagair, ba cheart don chóras cánach a áirithiú go n-íocann gach cuideachta a cion ceart cánach agus go bhfuil cothrom domhanda iomaíochta ann;

23. táthar i mbun idirphlé agus machnamh leanúnach maidir leis an gcaoi aghaidh a thabhairt ar riachtanais an éiceachórais do na meáin dhigiteacha d'ábhar cultúrtha agus cruthaitheach amach anseo, lena n-áirítear riachtanais an tomhaltóra. Baineann sin go háirithe leis na margaí ar líne a shainmhíniú go cuí agus leis an machnamh atáthar a dhéanamh ar ghnéithe iomaíocha nua a d'fhéadfadh a bheith ábhartha, amhail mórshonraí, algartaim agus an intleacht shaorga;

24. cuireadh le raon feidhme na Treorach athbhreithnithe maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc chun a áirithiú go mbeidh rialacha cáilíochtúla maidir leis an bhfógraíocht, cosaint mionaoiseach ó ábhar díobhálach agus cosaint an phobail i gcoitinne ó fhuathchaint agus ó ábhar ar cion coiriúil é, infheidhme freisin maidir le hábhar closamhairc arna dháileadh trí ardáin comhroinnte físeán;

25. tá staidreamh inchomparáide agus anailís sonraí de dhíth ar an earnáil táirgthe ábhair;

26. tá réimse leathan ardán ar líne ann a thairgeann seirbhísí agus feidhmeanna éagsúla. Déanann cuid díobh faisnéis a chomhbhailiú agus cuardaigh a chumasú, tugann cuid eile rochtain ar ábhar agus seirbhísí arna gceapadh agus/nó arna n-oibriú ag tríú páirtithe nó déanann siad an t-ábhar agus na seirbhísí sin a óstáil nó a innéacsú, agus déanann ardáin eile fós díobh éascaíocht chun earraí agus seirbhísí (lena n-áirítear seirbhísí closamhairc) a dhíol. Féadfaidh na hardáin sin roinnt feidhmeanna a chur i gcrích ag an am céanna, agus féadfaidh siad rochtain ar ábhar nó infheictheacht an ábhair a rangú nó difear a dhéanamh ar shlí eile don rochtain nó don infheictheacht sin;

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSE INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

27. ábharthacht an idirphlé reatha sa Chomhairle maidir le cánachas an gheilleagair dhigitigh a aithint;

28. cothroime a chur chun cinn trína áirithiú go bhfuil ardáin ar líne trédhearcach ina dtéarmaí agus coinníollacha, ina bhfaisnéis ar fheidhmíocht i ndáil leis na saothair a dháileann siad, ina bparaiméadair liostála, ina gcleachtais rangaithe agus ina gcleachtais fógraíochta atá leabaithe sa tseirbhís, gan dochar a dhéanamh do rúndacht trádála;

29. oibriú le go mbeadh luach saothair […] **cothrom ar fáil ar fud** […] an tslabhra breisluacha dhigitigh;

30. leanúint d'obair a dhéanamh chun na dálaí a chruthú ina bhféadfaidh cruthaitheoirí ábhair Eorpaigh, lena n-áirítear gairmithe cultúrtha agus gairmithe na meán, deiseanna an gheilleagair dhigitigh a thapú.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH

31. leanúint dá iarrachtaí chun cothrom na Féinne a áirithiú in earnálacha an ábhair Eorpaigh ina mbíonn ardáin ar líne gníomhach, agus aird á tabhairt ar mhéideanna agus cineálacha sonracha na n-ardán;

32. machnamh a dhéanamh, i bhfianaise na bhforbairtí ar na héiceachórais do na meáin dhigiteacha agus d'ábhar cultúrtha agus cruthaitheach, maidir leis an gcaoi a seachnófaí aon saobhadh iomaíochta;

33. leanúint de mhachnamh a dhéanamh i gcomhar leis na Ballstáit chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir le gníomhaíochtaí na n-ardán ar líne san éiceachóras do na meáin dhigiteacha agus d'ábhar cultúrtha agus cruthaitheach, i measc nithe eile, i bhfianaise na Treorach maidir le ríomhthráchtáil;

## C. MUINÍN SAN FHAISNÉIS AGUS SNA FOINSÍ A NEARTÚ

CUIREANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS I dTREIS

34. I dtimpeallacht na faisnéise ilroinnte agus bagairtí ar an tslándáil náisiúnta atá ann anois, féadfaidh na meáin ghairmiúil ról tábhachtach a imirt maidir le faisnéis a thairgeadh, a scaipeadh agus a fhíorú agus, dá bhrí sin, baineann ríthábhacht leis na meáin sin don dioscúrsa poiblí. Sa chomhthéacs sin, tá ról bunriachtanach i gcónaí ag meáin na seirbhíse poiblí maidir leis an daonlathas, an t-iolrachas agus an comhtháthú sóisialta agus éagsúlacht chultúrtha agus teanga a chosaint. Ina theannta sin, cuireann go leor gníomhaithe príobháideacha meán ábhar ar fáil ar chun leas an phobail é freisin. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé go mbeadh cumas litearthachta sna meáin sna saoránaigh agus go mbeadh cumas critice iontu ó thaobh foinsí de agus tugann sí dá haire an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le bréagaisnéis;

35. braitheann iolrachas na meán ar éagsúlacht a bheith ann, idir éagsúlacht úinéireacht na meán agus éagsúlacht ábhair, agus ar iriseoireacht neamhspleách, agus tá sí fíorthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar leathadh na bréagaisnéise agus chun a áirithiú go mbeidh saoránaigh na hEorpa ar an eolas mar is ceart. Féadfaidh comhar agus comhghuaillíochtaí sna hearnálacha sin éifeachtaí dearfacha a chruthú do na gníomhaithe ó thaobh inbhuanaitheacht eacnamaíoch de agus ó thaobh an iomaíochais i gcomhthéacs domhanda;

36. ós rud é gur ag dul i méid atá dáileadh ábhair trí ardáin ar líne, tugann an Chomhairle dá haire iarrachtaí an Choimisiúin chun dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach ar líne agus le dáileadh neamhdhleathach ábhair;

37. chun iriseoireacht ghairmiúil neamhspleách a áirithiú, tá dálaí sábháilte oibre d'iriseoirí bunriachtanach i dtimpeallacht athraitheach na meán;

38. glacann sceithirí ról tábhachtach maidir le hobair iriseoirí agus obair an phreasa neamhspleách a chumasú, agus a ról faire poiblí á chomhlíonadh acu;

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSE INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

39. éiceachóras Eorpach na meán a neartú d'fhonn táirgeadh inbhuanaithe agus infheictheacht na iriseoireachta gairmiúla a thabhairt slán, chun saoránaigh a chumhachtú, an daonlathas a chosaint agus chun cur i gcoinne leathadh na bréagaisnéise go héifeachtach;

40. cosaint éifeachtach a áirithiú d'iriseoirí agus gníomhaithe eile sna meáin, mar aon lena bhfoinsí, i réimse na hiriseoireachta imscrúdaithí i measc nithe eile;

41. an iriseoireacht ghairmiúil a chur chun cinn ar fud na mBallstát agus ugach a thabhairt don iriseoireacht trasteorann trí scileanna agus oiliúint a fhorbairt agus trí theicneolaíochtaí nua a fhorbairt le haghaidh seomraí nuachta;

42. an iriseoireacht neamhspleách a chur chun cinn agus iriseoirí a chosaint ó thionchar míchuí;

43. dáileadh dlíthiúil an ábhair a chur chun cinn agus **machnamh a dhéanamh ar a thábhachtaí atá sé [...]** dáileadh neamhdhleathach ábhair **a laghdú**;

44. rochtain níos mó ar fhaisnéis a áirithiú agus saorshreabhadh na faisnéise sin a áirithiú chun sochair na meán agus an phobail, feabhas a chur ar thrédhearcacht an rialtais phoiblí agus ar shaoirse na meán agus na saoránaigh a chumhachtú chun a gcearta saoirse cainte a theachtadh;

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH

45. leanúint de thacaíocht a thabhairt do thionscadail lena ndéantar faireachán ar shaoirse na meán agus iolrachas na meán agus cabhair dhlíthiúil agus phraiticiúil a chur ar fáil d'iriseoirí agus do chleachtóirí na meán atá faoi bhagairt;

46. **leanúint den fhaireachán rialta […]** ar an gcód cleachtais maidir le bréagaisnéis **agus na Ballstáit a chur ar an eolas maidir le héifeachtaí chur chun feidhme an chóid sin, go háirithe i bhfianaise thogháin Pharlaimint na hEorpa in 2019**;

47. trédhearcacht agus intuarthacht na Státchabhrach a fheabhsú i gcomhthéacs na meán digiteach agus an éiceachórais chultúrtha agus chruthaithigh agus stór ar líne atá furasta a úsáid a chur ar fáil le tagairt ann do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair agus don chásdlí is ábhartha;

## D. SCILEANNA AGUS INNIÚLACHTAÍ A FHEABHSÚ

CUIREANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS I dTREIS

48. de réir mar a thagann forbairtí nua ar an bhfód, bíonn gá le hinniúlachtaí nua. Is gné chinntitheach d'úsáideoirí agus do chruthaitheoirí ábhair araon an litearthacht sna meáin. Ag an am céanna, ní mór do ghairmithe i dtionscail na n-ábhair an meascán de scileanna cruthaitheacha, digiteacha agus fiontraíochta a bheith acu a chuirfidh ar a gcumas an gaisneas is fearr a bhaint as na teicneolaíochtaí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn;

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSE INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

49. tacú le litearthacht sna meáin agus leis an litearthacht dhigiteach agus lena gcur chun cinn d'fhonn cur chuige criticiúil a fhorbairt tuilleadh i measc na saoránach i leith na n-ábhar ó na meáin a dháiltear nó a chuirtear chun cinn agus breis oiliúna i litearthacht sna meáin agus sa litearthacht dhigiteach a spreagadh i measc gairmithe na meán;

50. cláir oiliúna, inniúlachta nó um chur chun cinn a oiriúnú sa chaoi go ndéanfaí iad a ailíniú ní ba dhlúithe le húsáid na meán agus na dteicneolaíochtaí, idir shean agus nua, amhail prionsabail na hiriseoireachta ardchaighdeáin, an amharclitearthacht, an intleacht shaorga, an teicneolaíocht bhlocshlabhra, an réaltacht fhíorúil agus anailísíocht sonraí. Tá sé ríthábhachtach go n-áiritheofaí na dálaí le haghaidh taighde agus oideachas d'ardcháighdeán sna meáin agus san iriseoireacht chun go gcothófaí timpeallacht ardchaighdeáin sna meán Eorpacha;

51. idirphlé struchtúrtha a bhunú idir mic léinn, lucht acadúil agus lucht tionscail chun an nuálaíocht a chothú in earnálacha táirgthe ábhair, agus chun leas a bhaint as acmhainneacht na cruthaitheachta agus na héagsúlachta cultúrtha don nuálaíocht.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH**

52. litearthacht sna meáin a fheabhsú trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a dhíríonn ar mhic léinn agus oideachasóirí gairmiúla agus gairmithe eile amhail leabharlannaithe agus iriseoirí, agus trí fheachtais spriocdhírithe feasachta a chur ar bhun sa tsochaí shibhialta chomh maith.

---

## Conclúidí ón gComhairle

- Conclúidí ón gComhairle *maidir le Beartas Closamhairc na hEorpa san Aois Dhigiteach*, 25.11.2014, 2014/C 433/02
- Conclúidí ón gComhairle *maidir le crosmhalartuithe ó earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta chun an nuálaíocht, an inbhuanaitheacht eacnamaíochta agus an cuimsiú sóisialta a spreagadh*, 27.5.2015, 2015/ 172/04
- Conclúidí ón gComhairle *maidir le litearthacht sna meáin agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt tríd an oideachas agus an oiliúint* 30.5.2016, 2016/C 212/05
- Conclúidí ón gComhairle *maidir le rochtain ar an gcultúr trí mheáin dhigiteacha a chur chun cinn agus béim ar leith ar fhorbairt an lucht éisteachta/féachana*, 21.11. 2017, 2017/C 425/03

## Gníomhartha Reachtacha

- Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe an tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach (Treoir um thráchtáil leictreonach)*, 8.6.2000, 2000/31/CE
- Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *maidir le gnéithe áirithe den chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuibhiú sa tsochaí faisnéise*, 22.5.2001, 2001/29/CE
- Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 *maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc)*, 10.3.2010, 2010/13/AE
- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014 go 2020)*, 11.12.2013, Uimh. 1295/2013

## Teachtaireachtaí agus moltaí ón gCoimisiún

- Teachtaireacht ón gCoimisiún *Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach don Eoraip*, 6.5.2015, COM(2015) 192 final
- Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Online Platforms and the Digital Single Market Opportunities and Challenges for Europe* [Ardáin ar Líne agus an Margadh Digiteach Aonair, Deiseanna agus Dúshláin don Eoraip], 25.5.2016, COM(2016) 288 final
- Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Tackling Illegal Content Online - Towards an enhanced responsibility of online platforms* [*Dul i nGleic le hÁbhar Neamhdhleathach ar Líne - i dtreo freagracht fheabhsaithe d'ardáin ar líne*], 28.9.2017, COM(2017) 555 final
- Moladh ón gCoimisiún an 1 Márta 2018 dar theideal 8 *measures to effectively tackle illegal content online* [*bearta chun inneachar neamhdhleathach ar líne a chomhrac go héifeachtach*], 1.3.2018, AE(2018) 334 final
- Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Intleacht Shaorga don Eoraip*, 24.4.2018, COM(2018) 237 final
- Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Artificial Intelligence for Europe* [Dul i ngleic leis an mbréagaisnéis: cur chuige Eorpach], 26.4.2018, COM(2018) 236 final
- Teachtaireacht ón gCoimisiún *A New European Agenda for Culture* [*Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach don Eoraip]*, 22.5.2018, COM(2018) 267 final

## Comhaontuithe idirnáisiúnta

- Coinbhinsiún UNESCO dar theideal *the Protection and Promotion of the Diversity of Cultural Expressions* [*Éagsúlacht léirithe cultúir a chosaint agus a chur chun cinn*], 20.10.2005